Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 17

# An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ní mór dom an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur os comhair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo faoin suim a caitheadh sa bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Déantar comparáid idir an caiteachas agus an tsuim a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €136,188 a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 ina gcuid den Chuntas.

## Ráiteas faoi na Polasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta do Chuntais Leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe inmheánaí airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacaim le mo fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

Cuirtear an fhreagracht seo i bhfeidhm faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil dom agus faoi réir na n-oibleagáidí eile atá orm mar Cheannasaí na hOifige. Freisin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach a dhearbhú go réasúnach agus ní go daingean go bhfuil na hacmhainní slán, go bhfuil cead tugtha maidir le hidirbhearta agus gur taifeadadh i gceart iad, agus go gcosctar earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Déantar cothabháil ar bhun leanúnach ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras sin agus ar a éifeachtúlacht.

Chomhlíon mé mo chuid dualgais maidir le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus Oifig na Seirbhísí Náisiúnta Comhroinnte chun acmhainní daonna agus seirbhís chomhroinnte párolla a sholáthar.

Tá mé ag brath ar dheimhniú ó oifigeach cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialacháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

***Réimse rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil réimse rialaithe agus na nithe seo san áireamh i bhfeidhm:

- tugadh freagrachtaí airgeadais amach ag leibhéal bainistíochta chomh maith le cuntasacht dá réir
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar tugadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nós imeachta foirmiúil i bhfeidhm chun clistí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go gcuirtear an ghníomhaíocht chuí i bhfeidhm lena cheartú
- tá Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm chun comhairle a thabhairt dom agus mé agcomhlíonadh mo chuid dualgais i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear dualgais a bheith deighilte agus córas de tharmligean agus de chuntasacht agus, go háirithe

- Tá córas cuí buiséadaithe agus buiséad bliantúil ann agus déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú air
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmiúchán airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéis
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
- Tá córais i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil na córais TEC slán
- Tá treoirlínte rialaithe cuí maidir le hinfheistíocht chaipitil i bhfeidhm chomh maith le córais fhoirmiúla do bhainistíocht tionscadal
- Cinntíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Tharla dhá eisceacht i 2016 a raibh luach iomlán de €140,344 i gceist. Bhain an dá chás le tacaíocht agus ceadúnas do bhogearraí Oracle agus tuairiscíodh iad faoi Chiorclán 40/2002. Tharla an dá eisceacht seo ann mar nach raibh ach soláthraí fóirsteanach amháin ann don bhogearra dílsithe.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá faofa agamsa. Tá obair na feidhme bunaithe ar anailís a rinneadh ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí neamhchosanta ina aghaidh agus tá na pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, atá faofa agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Clúdóidh na pleananna seo na príomh-rialaithe ar bhonn atráthach ar feadh tréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar beart ar na tuairiscí ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**Fiona Tierney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

29 Marta 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2017

# Vóta 17 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar an mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí - Ath-imlonnú/ Earcaíocht/Roghnú | **9,650** | **9,537** | **8,802** |
| | **Ollchaiteachas** | **9,650** | **9,537** | **8,802** |
| | Bain de: | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **252** | **275** | **414** |
| | **Glanchaiteachas** | **9,398** | **9,262** | **8,388** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas le géilleadh | 136,188 | 195,848 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar an mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | 5,906 | 5,613 | 5,218 |
| ii | Taisteal agus cothú | 70 | 60 | 86 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 180 | 245 | 158 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 130 | 79 | 109 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha | 780 | 842 | 748 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 260 | 155 | 184 |
| vii | Costais earcaíochta – taighde agus rialachas corparáideach | 70 | 13 | 56 |
| viii | Costais earcaíochta – fógraíocht agus tástáil | 1,216 | 992 | 1,023 |
| ix | Costais earcaíochta – boird agallaimh | 1,038 | 1,538 | 1,220 |
| | | 9,650 | 9,537 | 8,802 |

[a] Athraíodh na luachanna toraidh ó 2015 do fho-mhircheann iii Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha agus fo-mhírcheanna iv Costais earcaíochta – boird agallaimh, chun athdháileadh chostais lóin do bhaill de bhoird agallaimh a léiriú i 2016.

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 5,613 | 5,218 |
| Neamhphá | | 3,924 | 3,584 |
| **Ollchaiteachas** | | **9,537** | **8,802** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **275** | **414** |
| **Caiteachas glan** | | **9,262** | **8,388** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (168) | | |
| Dímheas | 416 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 1 | | |
| | | 249 | 312 |
| **Athraithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú i bhfabhruithe deiridh | 93 | | |
| Laghdú i stoc | 4 | | |
| | | 97 | 81 |
| **Caiteachas díreach** | | **9,608** | **8,781** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchostas do sheirbhísí gaolta (nóta 1.1) | | 883 | 954 |
| Measchíos | | 2,211 | 2,232 |
| **Costas glan cláir** | | **12,702** | **11,967** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolta

Tá suim an ghlanchaiteachais iomláin ar sheirbhísí gaolta déanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 17 a íocadh in áit eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 45 | 45 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 822 | 898 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte | m | 16 | 11 |
| | | 883 | 954 |

Léiríonn “m” gur luach measta atá san uimhir nó costas cionroinnte.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **921** | **1,170** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 258 | 129 |
| Stoic | 2.4 | 143 | 147 |
| Réamhíocaíochtaí | | 256 | 339 |
| Ioncam fabhraithe | | 54 | 50 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 41 | 81 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **752** | **746** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 101 | 87 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 11 | (38) |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 288 | 248 |
| **Glandliteanais reatha** | | **400** | **297** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 352 | 449 |
| **Glansócmhainní** | | **1,273** | **1,619** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.1 | **1,273** | **1,619** |

| **2.1 Cuntas Chiste an Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,619 | 2,012 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar an Mheastacháin | Cuntas | 9,398 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (136) | | |
| Vóta glan | | | 9,262 | 8,388 |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 883 | 954 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 2,211 | 2,232 |
| Costas glan cláir | 1 | | (12,702) | (11,967) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,273** | **1,619** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Oifig agus Trealamh | Troscán agus feistis | Feabhsúchán foirgnimh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní comhlán** | | | | |
| Costas nó luacháil ar an 1 Eanáir 2016 | 8,599 | 667 | 691 | 9,957 |
| Breiseanna | 157 | 11 | -- | 168 |
| Diúscairtí | (2,018) | -- | -- | (2,018) |
| Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2016 | 6,738 | 678 | 691 | 8,107 |
| | | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2016 | 7,486 | 610 | 691 | 8,787 |
| Dímheas don bhliain | 403 | 13 | -- | 416 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (2,017) | -- | -- | (2,017) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | 5,872 | 623 | 691 | 7,186 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **866** | **55** | -- | **921** |
| | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **1,113** | **57** | -- | **1,170** |

| **2.3 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ar an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta | 248 | 119 |
| Iarmhéid i gcuntas bainc tráchtála | 10 | 10 |
| | 258 | 129 |

| **2.4 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Ábhair Tástála | 115 | 125 |
| Tomhaltáin TE /stáiseanóireacht | 28 | 22 |
| | 143 | 147 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Tuarastail a fháil ar ais | -- | 20 |
| Réamhíocaíochtaí do OOP | -- | 11 |
| Scéim pas taistil a fháil ar ais | 41 | 48 |
| Míreanna eile dochair fionraí cothromaíocht | -- | 2 |
| | 41 | 81 |

| **2.6 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le géilleadh | 136 | 196 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (125) | (234) |
| Glandliteanas don Státchiste | 11 | (38) |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 258 | 129 |
| Iarmhéideanna dochair fionraí | 41 | 81 |
| | 299 | 210 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (274) | (236) |
| Iarmhéideanna sochair fionraí | (14) | (12) |
| | 11 | (38) |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 165 | 148 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 83 | 65 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 1 | 1 |
| Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla | 11 | 7 |
| Cáin Bhreisluacha | 14 | 15 |
| | 274 | 236 |
| Iarmhéid sochair:sonraí | 14 | 12 |
| | 288 | 248 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| **a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Líon iomlán na gceangaltas infheidhmithe | 23 | 112 |
| Líon iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | 23 | 112 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fho-mhírcheann

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar an mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí – Ath-imlonnú/ Earcaíocht/Roghnú** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 5,906 | 5,613 | 5,218 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 3,744 | 3,924 | 3,584 |
| | | 9,650 | 9,537 | 8,802 |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €113,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go háirithe mar gheall ar na nithe seo:

| Cur síos | Níos lú/(mó) ná mar a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - Pá | 293 | Mhéadaigh na gníomhaíochtaí earcaíochta agus soláthair a hiarradh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a dhéanamh go mór le linn 2016 sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne (féach thíos) agus dá bharr sin bhí sé riachtanach acmhainní a ath-dháileadh chun an earcaíocht sin a chomhlíonadh agus b'éigean an plean líon na bhfostaithe a bhí le méadú a chur ar athló go dtí níos moille sa bhliain 2016. |
| Riarachán – neamh-phá | (180) | Mhéadaigh gníomhaíochtaí earcaíochta agus soláthair go mór le linn 2016 (mhéadaigh líon na n-iarratas go dtí103,973 -méadú 60%; agus sannadh post méadaithe go 7,736) rud a d'fhág go raibh sé riachtanach maoiniú a bhí ar fáil a ath-dháileadh chuig fotheidil a bhaineann le hearcaíocht agus soláthair eile. |

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ilchineálach | 25 | 62 | 131 |
| 2. | Fáltais ó phinsean - asbhaintí ar luach saothair na seirbhíse poiblí a bhaineann le pinsean | 227 | 213 | 283 |
| | | 252 | 275 | 414 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 144 | 113 |

| | 2016<br>€000 | 2015<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 5,053 | 4,728 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgais speisialta nó breise | 68 | 43 |
| Ragobair | 87 | 81 |
| ÁSPC an fhostóra | 405 | 366 |
| **Pá iomlán** | **5,613** | **5,218** |

De réir na Meastachán Leasaithe bhí coibhéis lánaimseartha de 137 ball foirne agus ba 144 ball foirne an Toradh.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair<br>2016<br>€ | Uasíocaíocht Aonair<br>2015<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 19 | -- | 7,479 | 1,898 |
| Liúntais eile | 10 | -- | 8,025 | 8,320 |
| Ragobair | 86 | 2 | 13,000 | 11,567 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 19 | 2 | 16,704 | 14,779 |

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

Íocadh €35,055 san iomlán i dtáillí le ceithre bhall de Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí sa bhliain 2016 (2015: € 26,290).

| Ball | Stádas | Earnáil Phríobháideach / Phoiblí | Caiteachas Bliantúil € 2016 | € 2015 |
|---|---|---|---|---|
| Ms. Fiona Tierney | Ball (Príomhfheidhmeannach) | Státseirbhíseach | Nil | Nil |
| Ms. Judith Eve | Cathaoirleach | Earnáil Phríobháideach | 11,970 | 8,977 |
| Mr. Paul Lemass | Ball | Státseirbhíseach | Nil | Nil |
| Dr. Eddie Molloy | Ball | Earnáil Phríobháideach | 7,695 | 5,771 |
| Ms. Anne Marie Taylor | Ball | Earnáil Phríobháideach | 7,695 | 5,771 |
| Ms. Eimear Kenny | Ball | Earnáil Phríobháideach | 7,695 | 5,771 |
| Ms. Oonagh McPhillips | Ball | Státseirbhíseach | Nil | Nil |
| Mr. Damien McCallion | Ball | Earnáil Phríobháideach | Nil | Nil |
| Mr. David Cagney | Ball | Státseirbhíseach | Nil | Nil |
| **Iomlán** | | | **€35,055** | **€26,290** |

# 6 Costas Dlí

Déantar na costais dlí a íoctar le linn na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | Líon na gcásanna | Costais dlí íoctha ag an Oifig €000 | Costais dlí bronnta €000 | Cúiteamh bronnta €000 | 2016 Iomlán €000 | 2015 Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Éilimh ag fostaithe an Vóta** | | | | | | |
| Éileamh ó fhostaí faoi ghortú | 1 | 4 | 11 | 34 | 49 | — |
| **Éilimh ag baill an phobail** | | | | | | |
| Imeachtaí urghaire maidir le comhdhéanamh painéil agallaimh. | -- | -- | -- | -- | -- | 21 |